An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority



# An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

## Tuarascáil Bhliantúil 2022

Ba bhliain ghnóthach í 2022 don Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (‘ANCA’). Leanamar ar aghaidh ag cur eolas ar fáil dár gcuid geallsealbhóirí iomadúla agus ag dul i gcomhairle leo agus d’fhoilsíomar tuilleadh comhrianta torainn aerárthaí ar ár láithreán gréasáin. Chuir ANCA i gcrích measúnú cuimsitheach ar thionchar torainn aerárthaí agus shainigh sé cuspóir ciúnaithe torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath, arna thacú ag cinneadh rialála. D’aithníomar freisin go bhfuil gá le córais bhreise chun faireachán a dhéanamh ar thorann i bpobail thart ar an aerfort, agus iad dírithe go háirithe ar an rúidbhealach nua. Coimisiúnaíodh ceithre chóras bhreise le linn na bliana chun faireachán a dhéanamh ar thorann.

# Clár na nÁbhar


| Clár na nÁbhar | Leathanach |
|---|---|
| **Brollach ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall** | **3** |
| **Tuarascáil ó Stiúrthóir Seirbhísí ANCA** | **4** |
| **Cé muid féin agus cad a dhéanaimid** | **6** |
| **An fhoireann bainistíochta** | **7** |
| **An méid a bhaineamar amach le linn 2022** | **8** |
| Torann aerárthaí a rialáil | 9 |
| Córais chun torann a thomhas | 9 |
| Soláthar faisnéise | 10 |
| **Mar a chuireamar ár gcuid oibre i gcrích in 2022** | **12** |
| Mar a dhéanaimid measúnú ar thorann aerárthaí | 12 |
| Mar a dhéanaimid faireachán ar thorann aerárthaí | 13 |
| Cuspóir ciúnaithe torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath – dírithe ar thorthaí | 13 |
| Feidhmiú an chuspóra ciúnaithe torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath | 14 |
| Pobail a chur ar an eolas | 15 |
| Torann aerárthaí a rialáil | 15 |
| **Achoimre airgeadais 2022** | **16** |
| **Cláir inslithe tí i ndáil le torann aerárthaí** | **17** |
| **Dul i gcomhairle lenár ngeallsealbhóirí agus iad a chur ar an eolas** | **18** |
| **Súil chun cinn ar 2023** | **19** |
| **Conas teagmháil a dhéanamh le ANCA** | **20** |

# Brollach ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Fhine Gall

**Le linn 2022, tháinig méadú arís ar ghníomhaíocht Aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis meath mór a bheith tagtha ar ghníomhaíocht eitlíochta ó thosaigh paindéim COVID-19.**



**AnnMarie Farrelly,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Fhine Gall

Le linn 2022, tháinig méadú arís ar ghníomhaíocht Aerfort Bhaile Átha Cliath tar éis an mheatha mhóir a tháinig ar ghníomhaíocht eitlíochta ó thosaigh paindéim COVID-19.

Tugaim aitheantas don obair a rinne an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA) ó thaobh comhairliúchán fairsing poiblí a chur ar bun le pobail áitiúla agus le geallsealbhóirí eile, comhairliúchán ar cuireadh tús leis amach sa bhliain in 2021 agus a bhí ar siúl go dtí Márta 2022.

Tar éis an chomhairliúcháin phoiblí sin, ghlac ANCA Cuspóir Ciúnaithe Torainn (CCT) i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is creat é sin chun torann eitlíochta ag an aerfort a bhainistiú.

Bhí tuairimí na bpobal áitiúil agus an phobail i gcoitinne, a bailíodh trí phróiseas láidir comhairliúcháin phoiblí, ríthábhachtach chun an cuspóir sin a shainiú. Gabhaim buíochas le gach duine a ghlac páirt ann.

Cuid lárnach de ról ANCA is ea é faireachán a dhéanamh ar thorann aerárthaí i gcoinne an chuspóra sin.

Tugtar breac-chuntas sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an gcaoi a bhfeidhmíonn ANCA, agus tugtar sonraí inti maidir leis an obair a rinne sé le linn 2022.

Tá ról ríthábhachtach fós ag ANCA maidir le torann aerárthaí a rialáil. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht na mball foirne agus a gcuid saineolaithe speisialtóireachta le linn 2022.

# Tuarascáil ó Stiúrthóir Seirbhísí ANCA

**Tá áthas orm an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair ina sonraítear an obair a rinne ANCA le linn 2022. Tá cur síos sa tuarascáil seo ar raon feidhme leathan na hoibre a rinne ANCA agus leagtar béim ar leith inti ar nithe suntasacha a tharla nó a tugadh chun críche le linn 2022.**



**Ethna Felten,**
Stiúrthóir Seirbhísí,
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Is cuid lárnach de gheilleagar na hÉireann í an eitlíocht, ach tá sé ríthábhachtach go mbeadh gníomhaíocht aerárthaí ar siúl ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir. Chun an chothromaíocht sin a bhaint amach, shainigh ANCA Cuspóir Ciúnaithe Torainn (CCT) i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn 2022. Faoin gcuspóir sin, ceanglaítear ar Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath laghduithe iarbhír, intomhaiste a bhaint amach i dtaobh a neamhchosanta ar thorann a bheidh pobail sna blianta amach romhainn. Bhí rialachán ag gabháil leis an gcuspóir lena chinntiú go mbainfear amach na torthaí atá de dhíth, go gcloífear leo agus go bhfeabhsófar iad bliain i ndiaidh bliana.

> I rith na bliana d'éisteamar le tuairimí ó na geallsealbhóirí go léir faoin gcaoi ar cheart torann aerárthaí a bhainistiú sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus thug muid freagra orthu trí fhoráil a dhéanamh maidir le tionchar torainn aerárthaí a laghdú sna blianta amach romhainn.

Osclaíodh rúidbhealach nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Lúnasa 2022. Sna 15 bliana ó tugadh faomhadh i leith an rúidbhealach a fhorbairt, tá roinnt pobail nua bunaithe thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfadh sé, i gcás bearta rialaithe torainn a bhí oiriúnach san am a chuaigh thart, nach n-oireann siad do na cúinsí atá ann anois. Dá bhrí sin, is gá

athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chúrsaí torainn lena chinntiú go mbeidh na bearta is fearr i bhfeidhm chun an leas is mó a bhaint amach do na pobail go léir a dtéann torann aerárthaí i bhfeidhm orthu.

**Den chéad uair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, tá bunús reachtúil le bainistíocht torainn aerárthaí lena n-aithnítear leasanna na bpobal i gcomharsanacht an aerfoirt mar aon le leasanna na ndaoine a úsáideann an t-aerfort le haghaidh taistil nó nó nó atá fostaithe ann.**

Is faoin gcreat reachtúil sin a bhreathnófar ar phleananna don todhchaí lena bhféachtar leis an aerfort a fhorbairt mar ghné nua-aimseartha den bhonneagar náisiúnta, agus cuirfear an dea-chleachtas i bhfeidhm maidir le torann aerárthaí a bhainistiú.

Agus na cuspóirí bainistithe ar mhaithe le ciúnú torainn á leagan síos i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath, bhí saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta páirteach i bhfoireann ANCA a dhéanann measúnú ar thionchar an torainn. Le saineolas na ndaoine sin, cinntíodh gur scrúdaíodh na modhanna is oiriúnaí agus is cothroime le dáta agus gur cuireadh i bhfeidhm iad chun tionchar an torainn ar na pobail thart ar an aerfort a bhainistiú agus a laghdú. Rinne ANCA athbhreithniú ar na bearta atá i bhfeidhm ag go leor aerfoirt idirnáisiúnta eile. Chuireamar na gnéithe is fearr díobh sin san áireamh sa chinneadh rialála a rinneamar maidir le hiarratas pleanála a chuir Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath isteach.

Leanfaidh ANCA ar aghaidh ag leagan béim ar fhoilsiú faisnéise a bhaineann lenár gcuid oibre. Tá sé ina aidhm againn a chinntiú go mbeidh sonraí iontaofa, atá cothrom le dáta, ar fáil d'aon duine, grúpa nó eagraíocht a bhfuil leas acu i dtionchar torainn na gníomhaíochta eitlíochta.

Fáiltím roimh na córais bhreise chun torann a thomhas a chuir Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm i bpobail chomharsanachta nua le linn 2022. Sa bhliain atá romhainn, leanfaidh ANCA ar aghaidh ag dul i gcomhairle le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go suiteálfar tuilleadh córas chun torann a thomhas, agus go mbeidh na sonraí uathu ar fáil don phobal.

Tá ANCA tiomanta do leanúint ar aghaidh le linn 2023 le maoirseacht agus rialáil éifeachtach, thrédhearcach.

Táim ag tnúth freisin i mbliana le dul i gcomhairle go leanúnach leis na geallsealbhóirí go léir a bhfuil leas acu sa chaoi a ndéantar torann eitlíochta a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.



# Cé muid agus cad a dhéanaimid

## Forléargas ar ANCA

Bunaíodh ANCA in 2019 chun faireachán a dhéanamh ar bhainistiú torann aerárthaí sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus rialáil a dhéanamh ina leith sin nuair is gá.

Chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar thorann aerárthaí, tá gá le rannpháirtíocht ó go leor páirtithe, lena n-áirítear Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath, údaráis rialála, oibreoirí aerárthaí, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta agus monaróirí aerárthaí.

Tá leas ag go leor daoine agus eagraíochtaí eile i ngníomhaíocht eitlíochta freisin. Áirítear orthu sin daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair a bhfuil tionchar ag torann aerárthaí orthu, daoine aonair/gnóthais a bhíonn ag brath ar sheirbhísí paisinéirí agus lasta, agus iad siúd a fhostaítear go díreach/go hindíreach i ndáil le seirbhísí eitlíochta agus seirbhísí tacaíochta. Tá sé tábhachtach go bhfaighfear amach cé na tuairimí atá ag an bpobal casta, idirspleách geallsealbhóirí sin agus go gcuirfí san áireamh iad agus cinntí á ndéanamh a théann i bhfeidhm ar ghníomhaíocht eitlíochta.

## Cuspóirí ANCA

Bunaítear feidhmeanna rialála ANCA trí reachtaíocht Eorpach agus reachtaíocht Éireannach. Áirítear leis an ról atá ag ANCA reachtaíocht chomhshaoil agus reachtaíocht phleanála a chur i bhfeidhm.

Agus ár gcuid oibre á déanamh againn:

- **Comhlíonaimid** feidhmeanna reachtúla ANCA ar bhealach trédhearcach, cost-éifeachtach.
- **Déanaimid measúnú** ar mholtaí i dtaobh obair forbartha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go gcloífear le feabhsuithe ó thaobh cúrsaí torainn agus go bhfeabhsófar arís eile iad.
- **Déanaimid faireachán** ar an tionchar a bhíonn ag torann aerárthaí sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- **Déanaimh rialáil** chun torann aerárthaí a bhainistiú i gcomhréir le forálacha reachtacha, lena n-áirítear éascaíocht a dhéanamh do rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí.
- **Soláthraímid** faisnéis iontaofa, atá cothrom le dáta, faoin obair a dhéanann ANCA agus bíonn an fhaisnéis sin i bhformáid atá soiléir, inrochtana.

## Bunaítear feidhmeanna rialála ANCA trí reachtaíocht Eorpach agus reachtaíocht Éireannach. Áirítear leis an ról atá ag ANCA reachtaíocht chomhshaoil agus reachtaíocht phleanála a chur i bhfeidhm.

### An fhoireann bainistíochta

Is stiúrthóireacht neamhspleách é ANCA a eagraíonn a chuid oibre trí chroífhoireann ina bhfuil cúigear ball foirne innealtóireachta, pleanála agus riaracháin.

Ina theannta sin, fostaímid foireann ildisciplíneach daoine ar saineolaithe ar ábhair éagsúla iad chun tacú leis an gcroífhoireann, i réimsí amhail an eitlíocht, an fhuaimíocht, an mheasúnacht tionchair timpeallachta agus an dlí. Leis an tsamhail oibriúcháin sholúbtha sin, féachtar chuige go mbíonn fáil againn i gcónaí ar shaineolas náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cinntítear ar an gcaoi sin go mbíonn ár gcinntí bunaithe ar mheasúnuithe teicniúla ar chúrsaí torainn, agus go gcloítear leis na ceanglais reachtacha.

Ina theannta sin, coinnímid naisc ar bun le hollscoileanna a dhéanann taighde agus aistriú scileanna i réimsí a bhaineann lenár gcuid oibre.



Ethna Felten,
STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ



Joe Mahon,
OIFIGEACH SINSEARACH TEICNIÚIL UM THORANN



Angela Dullaghan,
PLEANÁLAÍ SINSEARACH FEIDHMIÚCHÁIN



Siobhan Hogan,
RIARACHÁN



Aideen Meagle,
RIARACHÁN



# **An méid** a chuireamar ar fáil le linn 2022

I rith na bliana, rinneamar rialáil chun torann aerárthaí a bhainistiú agus rinneamar foráil maidir le laghduithe móra a bhaint amach i dtaobh neamhchosaint ar thorann sna blianta amach romhainn. Leanamar ar aghaidh freisin ag tabhairt tosaíocht do rochtain ar fhaisnéis ardchaighdeáin dóibh siúd a bhfuil a leithéid de dhíth orthu.

**Ag tús na bliana d'fhoilsigh ANCA tuarascáil bhliantúil na bliana 2021, ina raibh forléargas ar na gníomhaíochtaí a rabhthas ag súil le tabhairt fúthu le linn 2022.**

I rith 2022, leanamar ar aghaidh ag cur an oiread faisnéis ábhartha agus arbh fhéidir ar fáil, agus muid ag féachaint chuige an tráth céanna go raibh fáil ag gach duine ar an bhfaisnéis sin.

## Torann aerárthaí a rialáil

### An méid a dúramar a dhéanfaimis

In 2021, dúramar go leanfaimis leis an bpróiseas trína ndéantar torann aerárthaí a rialáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

### An méid a rinneamar

I mí an Mheithimh 2022, chuir ANCA i gcrích measúnú cuimsitheach ar thionchar torainn aerárthaí a bhain le hiarratas pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le hoibríochtaí aerárthaí san oíche. Tríd an bpróiseas sin, shainigh ANCA cuspóir ciúnaithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, arna thacú ag cinneadh rialála. Leis an gcuspóir ciúnaithe torainn, leagtar síos na torthaí atá le baint amach le himeacht ama i dtaobh neamhchosaint ar thorann a laghdú. Ní mór don údarás aerfoirt bearta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm de réir mar is gá chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach.

## Córais chun torann a thomhas

### An méid a dúramar a dhéanfaimis

In 2021, dúramar go mbeimis rannpháirteach in obair an údaráis aerfoirt chun leanúint ar aghaidh ag forbairt tairseacha faisnéise ar líne ar a bhfoilsítear faisnéis thrédhearcach maidir le torann aerárthaí.

### An méid a rinneamar

D'aithin ANCA go raibh gá le córais bhreise chun faireachán a dhéanamh ar thorann sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus nár mhór díriú go háirithe ar threalamh faireacháin a bhaineann leis an rúidbhealach nua. Tá am de dhíth i ndáil le pleanáil agus cur chun feidhme ó thaobh an bhonneagair de, agus leanamar ag obair leis an údarás aerfoirt le linn 2022 ar phlean don leathnú lena chinntiú go mbeidh faisnéis iontaofa ar fáil do phobail a dtéann torann aerárthaí i bhfeidhm orthu. Coimisiúnaíodh ceithre chóras bhreise chun faireachán a dhéanamh ar thorann le linn 2022 chun sonraí ón am atá caite agus sonraí gar den fhíor-am a sholáthar i dtaobh torann aerárthaí i bpobail bhreise thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.




## Soláthar faisnéise

### An méid a dúramar a dhéanfaimis

In 2021, dúramar go leanfaimis ar aghaidh ag forbairt láithreán gréasáin ANCA lena chinntiú go mbeidh fáil go héasca ar fhaisnéis ábhartha, shoiléir maidir le cúrsaí torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

### An méid a rinneamar


Chuir ANCA tuilleadh comhrianta torainn aerárthaí ar fáil don amharcóir gréasáin poiblí ar ár láithreán gréasáin i leith na bliana roimhe sin ionas gurbh fhusa scrúdú a dhéanamh ar an athrú a tháinig ar chúrsaí torainn roimh phaindéim COVID-19 agus lena linn.

I mí Mheán Fómhair, rinne ANCA athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn a bhí i bhfeidhm ag aerfort Bhaile Átha Cliath le linn 2021, i dtaobh bhaint amach an chuspóra ciúnaithe torainn, agus d'fhoilsíomar ár dtorthaí.

Rinneamar an méid seo a leanas freisin:

- Dhíríomar aird ar imeachtaí a bhfuil tábhacht ar leith leo sa rannóg nuachta ar ár láithreán gréasáin i rith na bliana.
- Leanadh ar aghaidh ag foilsiú sonraí na gcomhrianta ar an láithreán gréasáin ionas go bhféadfadh úinéirí tí seiceáil an bhfuil siad incháilithe do thacaíochtaí chun a dteach a insliú.
- D'fhoilsíomar tuarascáil bhliantúil Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath inar sonraíodh comhlíonadh na mbeart maolaithe torainn atá i bhfeidhm ag an aerfort.

# Figiúirí i leith na bliana 2022...



Scrúdaigh ANCA **9** n-iarratas ar chead pleanála ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag torann aerárthaí

Ghlac **1,382** duine aonair, gnóthas agus grúpa pobail páirt i gcomhairliúchán poiblí ANCA ar an measúnú tionchair torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath

Chuathas i dteagmháil **152** uair le cónaitheoirí a bhí ag lorg faisnéis maidir le torann aerárthaí nó rochtain ar bhearta inslithe tí

Méadú **57%** ar chórais chun faireachán a dhéanamhar thorann i bpobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn 2022




**7** gcóras chun faireacháin a dhéanamh ar thorann a bhí i bhfeidhm ag tús 2022

**11** chóras chun faireachán a dhéanamh ar thorann a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2022



# **Mar** a chuireamar ár gcuid oibre i gcrích in 2022




An Cur Chuige Cothrom atá ag ICAO i leith torann aerárthaí a bhainistiú

Cuireann ANCA a ról i bhfeidhm trí mheán trí phríomhchineál próiseas:

**Measúnú**

**Faireachán**

**Rialáil**

Samplaí de ghnéithe den chur chuige cothrom:

**Laghdú torainn ag an bhfoinse**
Feabhsuithe teicneolaíochta a fhágann gur féidir leas a bhaint as aerárthaí níos ciúine

**Pleanáil agus bainistiú úsáide talún**
Bainistiú réamhghníomhach ar thorann trí bheartais agus rialuithe cuí maidir le forbairt

**Nósanna imeachta oibriúcháin maidir le ciúnú torainn**
- Sannadh tosaíochta maidir le rúidbhealaí a úsáid
- Nósanna imeachta maidir le teacht agus imeacht aerárthaí

**Srianta oibriúcháin**
- Srianta ama ag an aerfort
- Srianta maidir le rochtain ar rúidbhealaí
- Srianta ar chineálacha sonracha aerárthaí
- Teorainneacha i dtaobh gluaiseacht aerárthaí

## Mar a dhéanaimid measúnú ar thorann aerárthaí

Scrúdaíonn ANCA gach iarratas ar fhorbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó thaobh an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt sin i ndáil le torann aerárthaí, féachaint an gá measúnú mionsonraithe ar thorann a dhéanamh nó bearta rialaithe breise a chur i bhfeidhm ina leith. Déanfar measúnú iomlán ó thaobh torainn ar iarratais ar gá a bhreithniú i ndáil le bearta nua maolaithe torainn. Chuige sin, cuirtear i bhfeidhm próiseas atá comhaontaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar a dtugtar an cur chuige cothrom.

Freastalaíonn ANCA ar chruinnithe réamhphleanála idir an t-údarás pleanála agus daoine a chuireann isteach iarratas ar obair forbartha a dhéanamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath lena chinntiú go bhfuil bearta chun astaíochtaí torainn aerárthaí a bhainistiú ina gcuid lárnach de gach dearadh tionscadail. Is próiseas foirmiúil iad na cruinnithe sin atá á rialú ag reachtaíocht phleanála agus foilsítear miontuairiscí na gcruinnithe ar láithreán gréasáin an údaráis pleanála má théann na tograí tionscadail chomh fada le hiarratas ar chead forbartha.

I rith 2022, scrúdaigh ANCA naoi n-iarratas pleanála féachaint an raibh gnéithe iontu ar ghá measúnú iomlán torainn a dhéanamh ina leith. Tá na hiarratais sin liostaithe ar láithreán gréasáin ANCA.



## Mar a dhéanaimid faireachán ar thorann aerárthaí

Tá sainordú ag ANCA i dtaobh faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is téarma leathan é maolú torainn lena gcuimsítear raon fairsing idirghabhálacha maidir le torann a bhainistiú. Tá bearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun bainistiú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag torann aerárthaí in áiteanna áirithe, agus ar an tionchar foriomlán a bhíonn aige. Is iad na bearta is déine iad siúd lena gcuirtear srian ar an rochtain a bhíonn ag aerárthaí ar aerfort. Tugtar srianta oibríochta orthu sin.

Ar bhonn bliantúil, ní mór don údarás aerfoirt tuarascáil a ullmhú ar fheidhmíocht úsáideoirí aerfoirt i dtaobh bearta bainistithe torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Foilsítear an tuarascáil sin ar láithreán gréasáin ANCA gach bliain. Foilsítear freisin aon fhaisnéis fhorlíontach a iarrann ANCA.

## Cuspóir ciúnaithe torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath – dírithe ar thorthaí

### Plean bainistithe torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath

Le linn 2022, trí phróiseas fairsing measúnaithe ar thionchar torainn agus trí chomhairliúchán poiblí, shainigh ANCA plean chun torann aerárthaí a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus thart air sna blianta amach romhainn. **Cuspóir ciúnaithe torainn** (CCT) a thugtar ar an bplean sin. Is mór atá idir é agus pleananna agus tograí bainistithe torainn a bhí ann roimhe sin i leith an aerfoirt sa mhéid is go ndéantar foráil ann do laghduithe sonracha, atá faoi cheangal ama agus atá intomhaiste, i dtaobh neamhchosaint ar thorann sna pobail thart ar an aerfort. Is cuspóir fadtéarmach é agus beidh ar údarás an aerfoirt dea-chleachtas i dtaobh bainistiú torainn aerárthaí a shainaithint agus a chur i bhfeidhm chun é a bhaint amach.


Toisc gur oileán í an tír seo, is cuid lárnach de gheilleagar na hÉireann í an eitlíocht, agus ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an eitlíocht agus feabhsuithe i ndáil le tionchar ar an timpeallacht. D'fhéadfadh sé nach bhfuil teicneolaíocht na n-aerárthaí tagtha sách mór chun cinn fós le gur féidir an torann a laghdú an oiread is mian linn sula fada. Is spreagadh don phróiseas faoina laghdófar tionchar an torainn é plean a bheith ann chun bheith ag obair i dtreo na dtorthaí inmhianaithe.

Is féidir féachaint ar CCT Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus é a íoslódáil, ar láithreán gréasáin ANCA ag: www.fingal.ie/aircraftnoiseca/noise-abatement-objective.

## Is é an cuspóir ciúnaithe torainn (CCT) i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath an plean chun torann aerárthaí a bhainistiú san fhadtréimhse ag an Aerfort agus thart air. Is plean é atá dírithe ar thorthaí

### Feidhmiú an chuspóra ciúnaithe torainn i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath

Is amhlaidh anois go scrúdófar gach togra maidir le forbairt ag an aerfort i gcomhthéacs an chuspóra ciúnaithe torainn lena chinntiú gur féidir laghduithe inbhuanaithe a bhaint amach ó thaobh torann aerárthaí agus gur féidir cloí leis na laghduithe sin. Chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar iarratais phleanála i gcomhthéacs na dtorthaí is gá a bhaint amach chun an cuspóir ciúnaithe torainn a chomhlíonadh,



Líon daoine atá neamhchosanta ar thorann aerárthaí ar leibhéal níos airde ná 55dB $L_{night}$

**1,298**
**Laghdú ar líon na ndaoine a bhí ar leibhéal neamhchosanta ar thorann >55dB $L_{night}$ idir 2019 agus 2021**

**85%**
**% an laghdaithe ar líon na ndaoine a bhí ar leibhéal neamhchosanta ar thorann >55dB $L_{night}$ idir 2019 agus 2021**

déanfaidh ANCA measúnú bliantúil freisin ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn atá i bhfeidhm ag an aerfort i dtaobh na gcuspóirí a bhaint amach. Tá sé i gceist leis an bpróiseas sin aon idirghabhálacha atá riachtanach a aithint chomh luath agus is féidir má tá údar imní ann nach gcomhlíonfar an cuspóir ciúnaithe torainn. Rinneadh an chéad athbhreithniú den chineál sin le linn 2022 agus foilsíodh é ar láithreán gréasáin ANCA.

Sa mheasúnú is déanaí, rinneadh comparáid idir bliain oibriúcháin iomlán 2021 agus an ghníomhaíocht le linn 2019, sular tharla an phaindéim. Cé go raibh paindéim COVID-19 fós ag dul i bhfeidhm go mór ar chúrsaí eitlíochta ar domhan le linn 2021, léireoidh an próiseas seo, ach é a dhéanamh gach uile bhliain, an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le torann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus éascófar don idirghabháil luath nuair is gá sin.



## Pobail a chur ar an eolas

Tacaíonn ANCA leis an gceanglas gur cheart é a bheith ar chumas daoine aonair cinntí eolasacha a dhéanamh. Is fearr is féidir an méid sin a bhaint amach nuair a bhíonn faisnéis ar fáil ina mínítear na saincheisteanna casta a bhaineann le tionchar torainn. Lean ANCA ar aghaidh ag cur faisnéis faoi thorann ar fáil don phobal trí chomhrianta na neamhchosanta ar thorann (ar a dtugtar 'comhrianta risíochta torainn' freisin) i leith na bliana 2021 a fhoilsiú ar ár láithreán gréasáin. Leagadh síos na comhrianta i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta maidir le torann timpeallachta san oíche agus i dtréimhse iomlán 24 uair an chloig an lae agus na hoíche. Tá faisnéis ar láithreán gréasáin ANCA faoin gcaoi a gcuirtear i láthair tionchar torainn aerárthaí i leith Aerfort Bhaile Átha Cliath agus faoin mbaint atá aige sin leis na tréimhsí tomhais a úsáidtear sna measúnuithe a dhéanann ANCA.

# Torann aerárthaí a rialáil

I mí an Mheithimh 2022, rinne ANCA cinneadh rialála tar éis dó measúnú a dhéanamh ar iarratas pleanála i dtaobh leasú a dhéanamh ar na coinníollacha a bhí sa bhuntoiliú pleanála don rúidbhealach thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh tús le próiseas measúnaithe theicniúil agus comhshaoil ar an iarratas sin i mí na Nollag 2020 agus leanadh leis an obair sin go dtí mí na Samhna 2021.

## Comhairliúchán poiblí

Nuair a bhí na measúnuithe teicniúla agus na measúnuithe comhshaoil críochnaithe, cuireadh tús le próiseas rannpháirtíochta leis an bpobal ar na dréachtmholtaí maidir le maolú torainn. Leanadh ar aghaidh leis an gcomhairliúchán poiblí go dtí Márta 2022 lena chur ar a gcumas do na geallsealbhóirí go léir a bheith rannpháirteach agus aighneacht a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoin gcinneadh rialála. Le linn an ama sin, d'óstáil ANCA seisiúin idirghníomhacha faisnéise phoiblí ar líne chun cabhrú leis an bpobal teacht ar thuiscint ar ábhar teicniúil na ndréachtchinntí agus na dtuarascálacha tacaíochta. Ba ar líne a reáchtáladh na cruinnithe poiblí ionas go bhféadfadh an lucht éisteachta ab fhairsinge a bheith páirteach iontu i bhfianaise threoirlínte sláinte an rialtais an tráth sin.

D'eagraigh ANCA cruinnithe san fhíorshaol freisin le daoine aonair agus le grúpaí pobail leasmhara, inár n-oifig i Sord.

Ghlac a lán daoine páirt sa phróiseas sin agus rinneadh níos mó ná 1,300 aighneacht chuig ANCA. Le linn na tréimhse ó Mhárta go Meitheamh, breithníodh na haighneachtaí go léir le haghaidh ionchur sa chinneadh rialála.

## Cinneadh rialála

Cuimsíodh an cinneadh rialála sin sa chead a thug an t-údarás pleanála i leith an iarratais sin. Bhí foráil san áireamh ann maidir le hinsliú seomraí codlata, maidir le toirmeasc ar na haerárthaí is glóraí a bheith ag an aerfort san oíche agus maidir le teorainn le torann aerárthaí san oíche. Tá achomharc i leith an chinnidh faoi bhráid an údaráis achomhairc pleanála, An Bord Pleanála, faoi láthair.

# Achoimre airgeadais **2022**

**Is tionscal an-rialaithe í an eitlíocht agus teastaíonn raon leathan saineolais ina leith, i réimsí na fuaimíochta eitlíochta, na bainistíochta aerspáis agus na measúnachta tionchair timpeallachta. Comhlíonann ANCA a shainordú i dtaobh feidhmiú ar bhealach cost-éifeachtach trí chroífhoireann oibríochta a fhostú, a fhaigheann tacaíocht ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta ag amanna agus ar feadh tréimhsí a oireann dár gcuid oibre.**

Léirítear thíos ceannteidil bhuiséid ANCA don bhliain airgeadais 2022.

Tá samhail mhaoinithe ANCA forordaithe ag reachtaíocht lena gceanglaítear nach mór costais oibriúcháin ANCA a fháil ar ais ón údarás aerfoirt ar bhonn bliantúil.

### Buiséad ANCA

| | |
|---|---|
| Forchostais oifige | **€260,000** |
| Costais foirne | **€419,344** |
| Costas oibriúcháin | **€22,382** |
| Seirbhísí tacaíochta ó speisialtóirí lasmuigh den eagraíocht | **€456,007** |
| COSTAIS OIBRIÚCHÁIN IOMLÁNA | **€1,157,733** |


# Cláir inslithe tí i ndáil le torann aerárthaí

Tá dhá chlár inslithe in aghaidh torann aerárthaí i bhfeidhm faoi láthair do thithe sna pobail is mó a mbíonn tionchar ag torann aerárthaí orthu thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

I gcás an dá scéim, bíonn tithe incháilithe lena n-aghaidh ach iad a bheith suite laistigh de chomhrianta sainiúla na neamhchosanta ar thorann. Is féidir an dá scéim a scrúdú ar láithreán gréasáin ANCA.

Rinne ANCA foráil maidir leis an tríú scéim inslithe le linn 2022, i gcinneadh rialála atá ag éirí as iarratas pleanála ón údarás aerfoirt maidir le húsáid an aerfoirt san oíche. Tá achomharc déanta chuig an mBord Pleanála i gcoinne chinneadh an údaráis pleanála, cinneadh ina gcuimsítear an cinneadh rialála, agus tá an tríú scéim sin ag brath ar thoradh an phróisis achomhairc.

Leagtar síos i gcoinníollacha pleanála nach mór athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na comhrianta lena gcinntear an bhfuil teach incháilithe faoi scéim. I gcás tithe nach bhfuil incháilithe i gcomhair bearta inslithe faoi láthair, d'fhéadfaidís a bheith incháilithe amach anseo má thagann athrú ar phatrún nó ar chineál thimpeallacht torainn na n-aerárthaí. Déanann Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath na scéimeanna inslithe a bhainistiú agus a chur i bhfeidhm agus déanann sé teagmháil le gach úinéir réadmhaoine incháilithe chun bearta a dhearadh a oireann do gach réadmhaoin agus chun na hoibreacha sin a sceidealú ina dhiaidh sin. Ba cheart fiosrúcháin maidir le rochtain ar chláir inslithe tí a dhéanamh ar dtús leis an údarás aerfoirt.



Cabhraíonn ANCA le húinéirí tí atá suite laistigh de na comhrianta torainn ábhartha agus nach bhfuil in ann iarratas bailí a chur chun cinn leis an údarás aerfoirt.

**Féadfar tuilleadh eolais a léamh ag www.fingal.ie/aircraftnoiseca**

## Is é ANCA an t-údarás neamhspleách chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar thorann aerárthaí sna pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath

# **Dul i gcomhairle** lenár ngeallsealbhóirí **agus iad** a chur ar an eolas

**Is é ár láithreán gréasáin, www.fingal.ie/aircraftnoiseca, an phríomháit ina roinnimid faisnéis faoin obair a dhéanann ANCA.**

Dírítear aird ar nuacht, foilseacháin agus imeachtaí móra sa rannán nuachta ar an láithreán sin, agus ar ár gcuntas Twitter @aircraftnoiseca.

I gcás ina mbeartaíonn ANCA rialáil a dhéanamh chun torann aerárthaí a bhainistiú, tugtar cuireadh do gheallsealbhóirí páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin sula ndéantar rialachán.


Déanann foireann ANCA teagmháil dhíreach freisin le geallsealbhóirí, ar an ríomhphost agus trí chruinnithe.

## Láithreán gréasáin ANCA

Is é ár láithreán gréasáin an phríomháit ina bhfaighfear faisnéis a bhaineann leis an obair a dhéanann ANCA.

Is saindisciplíní iad an eitlíocht agus an fhuaimíocht ina mbaintear leas as téarmaíocht a d'fhéadfadh a bheith deacair a chur i láthair ar bhealach a oireann do lucht léitheoireachta teicniúil agus neamhtheicniúil araon. Áirítear lenár dtosaíochtaí faisnéis a chur ar fáil go tráthúil agus rochtain a bheith ag gach duine uirthi.

Léirítear san fhíor thíos an fhaisnéis atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin: www.fingal.ie/aircraftnoiseca.



# **Súil chun cinn** ar 2023

- I rith 2023, leanfaimid ar aghaidh ag obair le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun **gréasán na gcóras faireacháin torainn** a leathnú go dtí tuilleadh pobal thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá sé ina thosaíocht ag ANCA féachaint chuige go bhfuil faisnéis ardchaighdeáin maidir le neamhchosaint ar thorann ar fáil d'aon duine nó eagraíocht leasmhar.
- Déanfaidh ANCA measúnú **ar thionchar torainn aerárthaí de bharr trí rúidbhealach a bheith in úsáid ag Aerfort Bhaile Átha Cliath** lena fháil amach an bhfuil gá le bearta breise bainistithe torainn.
- Leanfaidh ANCA ar aghaidh ag **foilsiú comhrianta maidir le neamhchosaint ar thorann ar ár láithreán gréasáin ar bhonn bliantúil**, chun tuiscint a chothú ar an tionchar athraitheach a bhíonn ag an torann ar na pobail thart ar Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Déanfaimid **athbhreithniú ar chomhlíonadh** na mbeart atá i bhfeidhm faoi láthair chun tionchar torann aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú, agus foilseofar torthaí an athbhreithnithe sin i leith na bliana féilire 2022 ina hiomláine.
- Déanfaidh ANCA **faireachán ar éifeachtacht na mbeart maolaithe torainn** atá i bhfeidhm ag an Aerfort lena chinntiú go mbainfear amach an cuspóir ciúnaithe torainn. Foilseofar toradh an athbhreithnithe sin.
- Le linn 2023, leanfaidh ANCA **ar aghaidh ag úsáid agus ag forbairt ár láithreáin gréasáin** mar phríomhfhoinse faisnéise, agus beidh ábhar ann a bheidh dírithe ar chatagóirí éagsúla léitheoirí.

# Conas teagmháil a dhéanamh le ANCA

### Ar an bpost

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí,
Comhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae,
An Phríomhshráid, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath,
K67 X8Y2

### Ar an ríomhphost

aircraftnoiseca@fingal.ie

### Ar an teileafón

01 890 5998

## Gealltanas Uainne

Tá ANCA tiomanta do sheirbhís den chaighdeán is airde is féidir a sholáthar do gach duine a dhéanann teagmháil linn. Is go gairmiúil, cothrom, trédhearcach a phléifidh ár mbaill foirne le gach duine.

Tá sé ina bheartas againn admháil go bhfuarthas gach comhfhreagras aistigh de thrí lá oibre, agus freagra iomlán a thabhairt laistigh de 15 lá oibre nuair a bhíonn gá le himscrúdú.

Tagann bainistiú ar thorann aerárthaí faoi shainchúram roinnt eagraíochtaí agus údarás agus sainaithneoidh ANCA an t-údarás is fearr chun freagra a thabhairt ar nithe nach dtagann faoin sainchúram atá orainne.

**Ráiteas maidir le Comhlíonadh**

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo de réir cheanglais Alt 3(9)(c) den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019.

Feabhra 2023

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise Competent Authority

Comhairle Contae Fhine Gall

Fingal County Council